**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*Doiciméad comhdhlúite reachtach*

12.3.2019 EP-PE_TC1-COD(2017)0220

# ***I
# SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2019 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh
(EP-PE_TC1-COD(2017)0220)

**SEASAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2019**

**chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ***bunaítear saoránacht an Aontais. Tugtar an ceart do shaoránaigh an Aontais ('saoránaigh') dul i dteagmháil dhíreach leis an gCoimisiún*** chun iarraidh air togra le haghaidh gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme, ar ceart é atá comhchosúil leis an gceart a thugtar do Pharlaimint na hEorpa ▌ faoi Airteagal 225 ▌ den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus don Chomhairle faoi Airteagal 241 CFAE. ***Dá bhrí sin, rannchuidíonn an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh le feabhas a chur ar fheidhmiú daonlathach an Aontais trí rannpháirtíocht na saoránach ina shaol daonlathach polaitiúil. Mar is léir ó struchtúr Airteagal 11 CAE agus Airteagal 24 CFAE, ba cheart an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a mheas i gcomhthéacs na modhanna eile trínar féidir le saoránaigh aird institiúidí an Aontais a dhíriú ar shaincheisteanna áirithe agus arb é atá i gceist leo go háirithe idirphlé le heagraíochtaí ionadaíocha agus an tsochaí shibhialta, comhairliúcháin le páirtithe lena mbaineann, achainíocha agus iarratais chuig an Ombudsman.***

---

1 IO C 237, 6.7.2018, lch. 74.
2 IO C 247, 13.7.2018, lch. 62.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagadh síos na rialacha agus na nósanna imeachta don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus bhí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1179/2011 ón gCoimisiún[2] ina chomhlánú air.

(3) I dtuarascáil uaidh maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 an 31 Márta 2015, liostaigh an Coimisiún líon áirithe dúshlán a tháinig chun cinn i gcur chun feidhme an Rialacháin sin agus thug sé gealltanas chun tuilleadh anailíse a dhéanamh ar thionchar na saincheisteanna sin ar éifeachtacht ionstraim an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus chun feidhmiú na hionstraime sin a fheabhsú.

(4) Sa rún uaithi an 28 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[3] ***agus ina dréacht-tuarascáil reachtach féintionscnaimh an 26 Meitheamh 2017[4] ,*** d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 agus ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1179/2011.

(5) Tá an Rialachán seo ceaptha chun an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhéanamh níos inrochtana, níos soláimhsithe agus an t-ualach oibre a bhaineann lena úsáid a laghdú d'eagraithe agus do thacadóirí, agus obair leantach air a neartú chun ***a*** phoitéinseal iomlán ▌ a bhaint amach mar uirlis chun plé a chothú***. Ba cheart go n-éascódh sé*** rannpháirtíocht ***freisin den líon is mó is féidir de shaoránaigh i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach*** an Aontais ▌ .

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1179/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2011 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla le haghaidh córais bailithe ar líne de bhun Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh (IO L 301, 18.11.2001, lch 3.).

3 IO C 355, 20.10.2017, lch. 17.

4 2017/2024(INL).

(6) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a bheith ***éifeachtach, trédhearcach,*** soiléir, simplí, soláimhsithe***, inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas*** agus comhréireach le cineál na hionstraime sin. Ba cheart dóibh cothromaíocht thomhaiste a bhaint amach idir cearta agus oibleagáidí ***agus ba cheart dóibh a áirithiú go gheobhaidh tionscnaimh bhailí scrúdú agus freagairt iomchuí ón gCoimisiún***.

(7) Is iomchuí aois íosta a leagan síos do thacú le tionscnamh. ***Ba cheart gurbh ionann an aois íosta sin agus an aois ag a mbíonn saoránaigh i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Chun rannpháirtíocht saoránach óga i saol daonlathach an Aontais a threisiú agus, dá bhrí sin, chun*** poitéinseal iomlán an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh a bhaint amach mar ionstraim de dhaonlathas rannpháirtíocht , ***ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit, a mheasann é a bheith iomchuí, a bheith in ann aois íosta a shocrú do thacú le tionscnamh ag 16 bliana d'aois agus ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas dá réir sin. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le haois íosta chun tacú le tionscnaimh. Spreagtar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an aois a shocrú ag 16 bliana d'aois, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.***

(8) I gcomhréir le hAirteagal 11(4) CAE, is gá aon mhilliún saoránach de chuid an Aontais ar a laghad, ar náisiúnaigh iad de líon suntasach de Bhallstáit, do thionscnamh lena n-iarrtar ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá, dar leis na saoránaigh, le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(9) Chun a áirithiú go bhfuil tionscnamh ionadaíoch ar leas de chuid an Aontais, agus á áirithiú ag an am céanna go leanann an ionstraim de bheith soláimhsithe, ba cheart an líon íosta Ballstát is Ballstáit ar gá do na saoránaigh teacht astu a shocrú agus an ceathrú cuid de na Ballstáit.

(10) Chun a áirithiú go bhfuil tionscnamh ionadaíoch agus go bhfuil na coinníollacha do shaoránaigh maidir le tacú le tionscnamh comhchosúil, is iomchuí freisin an líon íosta sínitheoirí do gach ceann de na Ballstáit sin a bhunú. Ba cheart an líon íosta sínitheoirí is gá i ngach Ballstát a bheith comhréireach go céimlaghdaitheach agus ba cheart go bhfreagródh sé don líon Comhalta de chuid Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh i ngach Ballstát, arna iolrú faoi ***líon iomlán Comhalta Pharlaimint na hEorpa***.

(11) ***Chun tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh a dhéanamh níos uileghabhálaí agus níos infheicthe, féadfaidh eagraithe úsáid a bhaint as teangacha nach teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais iad dá ngníomhaíochtaí cur chun cinn agus cumarsáide féin, ar teangacha iad a bhfuil stádas oifigiúil acu ina gcríocha i gcoitinne nó i gcuid dá gcríocha, i gcomhréir le hord bunreachtúil na mBallstát.***

(12) Cé go bhféadfadh sonraí ▌ íogaire a bheith san áireamh sna sonraí pearsanta a phróiseáilfear i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá údar, i bhfianaise gur ionstraim de chuid an daonlathais rannpháirtíochta an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, le soláthar sonraí pearsanta a cheangal chun tacú le tionscnamh agus leis na sonraí sin a phróiseáil a mhéid is gá chun gur féidir ráitis tacaíochta a fhíorú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.

(13) Chun an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhéanamh níos inrochtana, ▌ ba cheart don Choimisiún faisnéis***,*** cúnamh ***agus tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do shaoránaigh agus do ghrúpaí d'eagraithe, go háirithe maidir leis na gnéithe sin den Rialachán seo atá laistigh dá inniúlacht. Chun an fhaisnéis agus an cúnamh sin a threisiú, ba cheart don Choimisiún freisin*** ardán comhoibritheach ar líne a chur ar fáil, *lena soláthrófar* fóram plé tiomnaithe agus ***tacaíocht***, faisnéis agus comhairle ***dhlíthiúil neamhspleách*** faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. ***Ba cheart an t-ardán sin a bheith oscailte do shaoránaigh, do ghrúpaí d'eagraithe, d'eagraíochtaí agus do shaineolaithe seachtracha le taithí maidir le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh a eagrú. Ba cheart an t-ardán a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.***

***(14) Chun go gcuirfear ar chumas eagraithe a dtionscnamh a bhainistiú le linn an nós imeachta, ba cheart don Choimisiún clár ar líne don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ('clár') a chur ar fáil. Chun feasacht a mhúscailt agus chun trédhearcacht maidir le gach tionscnamh a áirithiú, ba cheart go mbeadh sa chlár suíomh gréasáin poiblí a sholáthraíonn faisnéis chuimsitheach maidir leis an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh go ginearálta, mar aon le faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tionscnaimh aonair, a stádas agus na foinsí dearbhaithe tacaíochta agus cistithe ar bhonn na faisnéise arna tíolacadh ag an ngrúpa d'eagraithe.***

***(15)*** Chun gaireacht do na saoránaigh a áirithiú ***agus chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh,*** ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó a bhunú ar a gcríocha faoi seach ▌ chun faisnéis agus cúnamh maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sholáthar do shaoránaigh. ***Ba cheart go mbeadh baint ag an bhfaisnéis agus an cúnamh sin go háirithe leis na gnéithe sin den Rialachán seo a dtagann a gcur chun feidhme faoi inniúlacht na n-údarás náisiúnta sna Ballstáit nó a bhaineann leis an dlí náisiúnta is infheidhme agus arb iad na húdaráis is fearr, dá bhrí sin, chun saoránaigh agus grúpaí d'eagraithe a chur ar an eolas fúthu agus cuidiú leo ina leith. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit sineirgí a lorg le seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht d'úsáid ionstraimí náisiúnta comhchosúla. Ba cheart don Choimisiún, lena n-áirítear a n-ionadaíochtaí sna Ballstáit, dlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí faisnéise agus cúnaimh sin, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí , gníomhaíochtaí cumarsáide ar leibhéal an Aontais.***

(16) Is gá struchtúr eagraithe íosta a bheith ann chun tionscnaimh ó na saoránaigh a sheoladh agus a bhainistiú go rathúil. Maidir leis an struchtúr sin, ba cheart é a bheith i bhfoirm grúpa d'eagraithe a bheidh comhdhéanta de dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla ar a laghad, chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna uile-Aontais agus chun machnamh ar na saincheisteanna sin a chothú. Ar mhaithe le trédhearcacht agus cumarsáid réidh éifeachtúil, ba cheart don ghrúpa d'eagraithe ionadaí a ainmniú chun idirchaidreamh a dhéanamh idir an grúpa d'eagraithe agus institiúidí an Aontais le linn an nós imeachta. Ba cheart go bhféadfadh an grúpa d'eagraithe eintiteas dlíthiúil a chruthú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun tionscnamh a bhainistiú. Ba cheart a mheas gurb é an grúpa d'eagraithe an t-eintiteas dlíthiúil chun críocha an Rialacháin seo.

***(17)*** ***Cé go leantar de dhliteanas agus de phionóis maidir le próiseáil sonraí pearsanta a rialú faoi Rialachán (AE) Uimh. 2016/679*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]***, ba cheart an grúpa d'eagraithe a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, i leith aon damáiste a dhéanfaidh a chomhaltaí le linn tionscnamh a eagrú trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha arna ndéanamh d'aon ghnó nó le faillí thromchúiseach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbíonn an grúpa d'eagraithe faoi réir pionóis iomchuí i gcás sáruithe ar an Rialachán seo.***

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(18) Chun comhleanúnachas agus trédhearcacht a áirithiú maidir le tionscnaimh, agus chun staid ina mbeadh sínithe á mbailiú le haghaidh tionscnamh nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a sheachaint, ba cheart don Choimisiún na tionscnaimh a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chlárú sular bhaileofar ráitis tacaíochta ó shaoránaigh. Ba cheart don Choimisiún, agus é ag déileáil le clárú, ***lánurraim a thabhairt don oibleagáid cúiseanna a lua faoin dara fomhír d'Airteagal 296 CFAE agus prionsabal*** ginearálta an dea-riaracháin ***mar atá leagtha amach in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.***

(19) Chun go mbeidh an tionscnamh Eorpaigh ó na saoránaigh ***éifeachtach*** agus níos inrochtana, ▌ agus ag cur san áireamh gur cheart na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a bheith soiléir, simplí, soláimhsithe agus comhréireach, ***agus chun a áirithiú go ndéanfar an líon is mó tionscnamh is féidir a chlárú,*** is iomchuí tionscnamh a chlárú i bpáirt i gcás nach gcomhlíontar ach cuid nó codanna den tionscnamh na ceanglais faoi chlárú faoin Rialachán seo. Ba cheart tionscnaimh a chlárú i bpáirt ar choinníoll nach bhfuil cuid ▌ den tionscnamh, lena n-áirítear a phríomhchuspóirí, lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra le haghaidh gníomh reachtach de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme, agus más rud é gur comhlíonadh na ceanglais clárúcháin eile ar fad. Ba cheart soiléireacht agus trédhearcacht a áirithiú maidir le raon feidhme an chlárúcháin i bpáirt, agus ba cheart sínitheoirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi raon feidhme an chlárúcháin agus i dtaobh nach mbailítear ráitis tacaíochta ach i dtaca le raon feidhme clárúcháin an tionscnaimh. ***Ba cheart don Choimisiún an grúpa d'eagraithe a chur ar an eolas ar bhealach atá mionsonraithe go leor maidir leis na cúiseanna dá chinneadh gan tionscnamh a chlárú nó gan ach é a chlárú ach i bpáirt, agus maidir leis na leigheasanna breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha uile atá ar fáil dó.***

(20) Ba cheart na ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnaimh a bhailiú laistigh de theorainn ama shonrach. Chun a áirithiú go leanfaidh tionscnamh de bheith ábhartha, agus an chastacht a bhaineann le ráitis tacaíochta a bhailiú ar fud an Aontais á cur san áireamh, níor cheart an teorainn ama sin a bheith níos faide ná 12 mhí ó dháta tosaithe na tréimhse clárúcháin arna cinneadh ag an ngrúpa d'eagraithe. ***Ba cheart go bhféadfadh an grúpa d'eagraithe dáta tosaithe na tréimhse bailithe a roghnú laistigh de sé mhí ón uair a chláraítear an tionscnamh. Ba cheart go gcuirfeadh an grúpa d'eagraithe an Coimisiún ar an eolas maidir leis an dáta a roghnófar ar a dhéanaí 10 lá oibre roimh an dáta sin. Chun a áirithiú go mbeidh comhordú leis na húdaráis náisiúnta ann, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoin dáta arna chur in iúl ag an ngrúpa d'eagraithe.***

(21) Chun rochtain ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhéanamh níos fusa, an t-ualach oibre a bhaineann lena úsáid a laghdú agus a úsáid a éascú, ba cheart don Choimisiún lárchóras a bhunú agus a oibriú chun ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne. Ba cheart an córas sin a bheith ar fáil saor in aisce do ghrúpaí d'eagraithe agus ba cheart na gnéithe teicniúla is gá a bheith ann a éascaíonn bailiú ar líne, lena n-áirítear an óstáil agus na bogearraí, chomh maith le gnéithe inrochtaineachta a áirithíonn gur féidir le saoránaigh faoi mhíchumas tacú leis na tionscnaimh. Ba cheart an córas sin a bhunú agus a chothabháil i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún[1].

---

[1] **Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil cumarsáide agus córas faisnéise arna n-úsáid ag an gCoimisiún Eorpach (**IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

(22) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag saoránaigh tacú le tionscnaimh ar líne nó i bhfoirm páipéir trí na sonraí pearsanta  atá leagtha síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, agus na sonraí sin amháin, a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas an i gcuid A nó i gcuid B, faoi seach, d'Iarscríbhinn III ar mian leo go gcuirfí san áireamh iad. Ba cheart go mbeadh na saoránaigh sin a úsáideann an lárchórais bailithe ar líne do thionscnaimh Eorpach ó na saoránaigh in ann tacú le tionscnamh ***ar líne trí*** úsáid a bhaint as meán ríomh-shainaitheantais ***ar tugadh fógra ina leith*** nó trí shíniú le síniú leictreonach ***de bhun bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1]. Chuige sin., ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na gnéithe teicniúla ábhartha a chur chun feidhme faoi chuimsiú an Rialacháin ***sin*** ▌. Níor cheart do na saoránaigh ráiteas tacaíochta a shíniú níos mó ná uair amháin.

---

1 Rialachán **(AE) Uimh. 910/2014** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach** agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93 / CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

(23) ***Chun an t-aistriú chuig lárchóras bailithe nua ar líne a éascú,*** ba cheart do ghrúpa d'eagraithe ***leanúint den*** fhéidearthacht a bheith aige a chóras bailithe ar líne féin a chur ar bun ***agus*** ráitis tacaíochta ***a bhailiú tríd an gcóras sin do thionscnaimh arna gclárú*** i ***gcomhréir leis an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2022***. Ba cheart don ghrúpa d'eagraithe aon chóras bailithe ar líne ar leithligh amháin a úsáid le haghaidh gach tionscnaimh. Ba cheart gnéithe leordhóthanacha teicniúla agus slándála a bheith ag córais bailithe ar líne ar leithligh arna mbunú agus arna n-oibriú ag grúpa d'eagraithe chun a áirithiú go ndéantar na sonraí a bhailiú, a stóráil agus a aistriú ar bhealach slán le linn an nós imeachta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a leagan amach le haghaidh córais bailithe ar líne ar leithligh, i gcomhar leis na Ballstáit. Ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún comhairle a lorg ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), a bhíonn ina cuidiú ag institiúidí an Aontais beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bhaineann le slándáil córas gréasáin agus faisnéise.

(24) Is iomchuí do na Ballstáit a fhíorú go bhfuil na córais bailithe ar líne ar leithligh arna mbunú ag grúpa d'eagraithe i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus is iomchuí do na Ballstáit doiciméad a eisiúint a dheimhníonn sin sula mbailítear na ráitis tacaíochta. Ba cheart d'údarás inniúil náisiúnta na mBallstát ina stóráiltear na sonraí arna mbailiú tríd an gcóras bailithe ar líne ar leithligh na córais bailithe ar líne ar leithligh a dheimhniú. Gan dochar do chumhachtaí na n-údarás maoirseachta náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart do na Ballstáit an t-údarás inniúil náisiúnta a ainmniú atá freagrach as na córais a dheimhniú. Ba cheart do na Ballstáit na deimhnithe arna n-eisiúint ag a n-údaráis inniúla a aithint go frithpháirteach.

(25) I gcás ina bhfuarthas na ráitis tacaíochta is gá ag tionscnamh ó shínitheoirí, ba cheart do gach Ballstát a bheith freagrach as na ráitis tacaíochta arna síniú ag náisiúnaigh dá gcuid a fhíorú agus a dheimhniú, chun a mheas ar sroicheadh an líon íosta sínitheoirí is gá a bhfuil an ceart acu tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Agus an gá leis an ualach riaracháin do na Ballstáit a theorannú á chur san áireamh, ba cheart na fíoruithe sin a dhéanamh ar bhonn seiceálacha iomchuí, ar seiceálacha iad a fhéadfar a bhunú ar shampláil randamach. Ba cheart do na Ballstáit doiciméad a eisiúint ina ndeimhnítear an líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas.

(26) Chun rannpháirtíocht agus díospóireacht phoiblí ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn de thoradh na dtionscnamh a chur chun cinn, i gcás ina gcuirtear tionscnamh a fuair an líon sínitheoirí is gá agus a chomhlíonann ceanglais eile an Rialacháin seo faoi bhráid an Choimisiúin, ba cheart an ceart a bheith ag an ngrúpa d'eagraithe an tionscnamh sin a chur faoi bhráid éisteacht phoiblí ar leibhéal an Aontais. ▌ Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa ***an éisteacht phoiblí a eagrú*** laistigh de thrí mhí ***ó*** thíolacadh an tionscnaimh ***don Choimisiún. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa*** ionadaíocht chothrom a áirithiú ar leasanna ***na ngeallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, agus saineolaithe.*** Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Choimisiúin ar leibhéal iomchuí. Ba cheart an deis a bheith ag an gComhairle, ag institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha eile de chuid an Aontais, agus ag geallsealbhóirí páirt a ghlacadh san éisteacht ***chun a ráthú go mbeidh sí cuimsitheach agus chun a leas poiblí a chur chun cinn***.

***(27) Mar institiúid ina ndéantar ionadaíocht dhíreach ar shaoránaigh ar leibhéal an Aontais, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa a bheith i dteideal measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ag tionscnamh bailí tar éis a thíolactha agus tar éis éisteacht phoiblí maidir leis. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh Parlaimint na hEorpa in ann measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an tionscnamh agus iad siúd atá leagtha amach i gcumarsáid.***

(28) Chun rannpháirtíocht éifeachtach saoránach i saol daonlathach an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún aon tionscnamh atá bailí a scrúdú agus freagra a thabhairt air. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, a chonclúidí dlíthiúla agus polaitiúla a leagan amach mar aon leis an ngníomhaíocht a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh sa tréimhse ***sé*** mhí tar éis dó an tionscnamh a fháil. Ba cheart don Choimisiún a mhíniú ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus mionsonraithe na cúiseanna leis an ngníomhaíocht atá beartaithe aige, ***lena n-áirítear cibé an nglacfaidh sé nó nach nglacfaidh sé togra le haghaidh gníomh reachtach de chuid an Aontais mar fhreagairt ar an tionscnamh,*** agus ar an gcaoi chéanna, ba cheart dó na cúiseanna a thabhairt mura bhfuil sé beartaithe aige aon ghníomhaíocht a dhéanamh. ***Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar thionscnaimh i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin atá leagtha amach in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.***

(29) ***Chun trédhearcacht a*** chistithe ***agus a thacaíochta a áirithiú,*** ba cheart do ghrúpa d'eagraithe faisnéis a sholáthar a thugtar cothrom le dáta ***go rialta agus atá mionsonraithe*** maidir leis na foinsí ***cistithe agus*** tacaíochta ▌ dá thionscnaimh idir dáta an chláraithe agus an dáta ar a ndéanfar an tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún. ***Ba cheart go ndéanfaí an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal sa chlár agus ar shuíomh gréasáin poiblí an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh. Ba cheart go n-áireofaí sa dearbhú ar fhoinsí cistithe agus tacaíochta a dhéanfaidh an grúpa d'eagraithe faisnéis maidir le tacaíocht airgeadais thar EUR 500 in aghaidh an urra agus maidir le heagraíochtaí a thugann cúnamh don ghrúpa d'eagraithe ar bhonn deonach, i gcás nach bhfuil cainníocht eacnamaíoch ag an tacaíocht sin.*** Ba cheart go mbeadh eintitis, go háirithe eagraíochtaí a rannchuidíonn, faoi na Conarthaí, le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil saoránaigh den Aontas a chur in iúl, in ann tionscnaimh a chur chun cinn agus ***cistiú agus*** tacaíocht ▌ a chur ar fáil dóibh, ar choinníoll go ndéanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo ▌.

***(30) Chun trédhearcacht iomlán a áirithiú, ba cheart don Choimisiún foirm teagmhála a chur ar fáil sa chlár agus ar shuíomh gréasáin poiblí an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh trína mbeidh saoránaigh in ann gearán a thíolacadh maidir le hiomláine agus ceart na faisnéise i dtaca le foinsí cistithe agus tacaíochta mar a bheidh dearbhaithe ag grúpaí d'eagraithe. Ba cheart don Choimisiún a bheith i dteideal aon fhaisnéis bhreise maidir leis na gearáin a iarraidh ar an ngrúpa d'eagraithe agus, i gcás inar gá, an fhaisnéis sa chlár maidir le foinsí dearbhaithe cistithe agus tacaíochta a thabhairt cothrom le dáta.***

(31) Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfar faoin Rialachán seo. I ndáil leis sin, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí a shoiléiriú go measfar gurb iad ▌ na rialaitheoirí sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ionadaí an ghrúpa d’eagraithe nó, i gcás inarb infheidhme , ionadaí an eintitis dhlíthiúil a ceapadh chun críche an tionscnamh a bhainistiú, agus údaráis inniúla na mBallstát***, i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus ráitis tacaíochta, seoltaí ríomhphoist agus sonraí maidir le hurraí na dtionscnamh á mbailiú, agus chun críocha fíorú agus deimhniú ráiteas tacaíochta,*** agus chun an uastréimhse inar féidir sonraí pearsanta arna mbailiú chun críche tionscnaimh a choinneáil lena linn a shonrú. Ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, ba cheart d’ionadaí an ghrúpa d’eagraithe nó, i gcás inarb infheidhme, d'ionadaí an eintitis dhlíthiúil a ceapadh chun críche an tionscnamh a bhainistiú agus údaráis inniúla na mBallstát na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun na hoibleagáidí arna bhforchur le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála ***agus*** le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus le cearta na n-ábhar sonraí.

▌

(32) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (▌ [1]maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfaidh an Coimisiún agus an Rialacháin seo á chur i bhfeidhm. ***Is iomchuí a shoiléiriú go meastar gurb é an Coimisiún an rialaitheoir sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa chlár, leis an ardán comhoibritheach, leis an lárchóras bailithe ar líne, agus le bailiú seoltaí ríomhphoist. Ba cheart don Choimisiún an lárchóras bailithe ar líne, lena mbíonn an grúpa d'eagraithe in ann ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne dá dtionscnaimh, a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún agus d'ionadaí an ghrúpa d'eagraithe nó, i gcás inarb infheidhme, don eintitis dhlíthiúil a ceapadh chun críche an tionscnamh a bhainistiú a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa lárchóras bailithe ar líne.***

(33) Chun rannchuidiú le rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i saol polaitiúil an Aontais a spreagadh, ***ba cheart don Choimisiún feasacht phoiblí a mhúscailt maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, ag baint úsáid, go háirithe, as teicneolaíochtaí digiteacha agus na meáin shóisialta, agus faoi chuimsiú gníomhaíochtaí chun saoránacht an Aontais agus cearta na saoránach a chur chun cinn. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa rannchuidiú le gníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin***.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39).

(34) ***Chun an chumarsáid leis na sínitheoirí a éascú agus chun iad a chur ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí leantacha mar fhreagairt ar an tionscnamh, ba cheart an Coimisiún*** agus an grúpa d'eagraithe a bheith in ann seoltaí ríomhphoist na sínitheoirí a bhailiú, i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint sonraí ▌. Ba cheart bailiú seoltaí ríomhphoist a bheith faoi réir thoiliú ***follasach*** na sínitheoirí agus ba cheart é a bheith roghnach. Níor cheart seoltaí ríomhphoist a bhailiú mar chuid de na foirmeacha ráitis tacaíochta agus ba cheart na sínitheoirí ionchasacha a bheith ar an eolas nach bhfuil a gceart chun tacú le tionscnamh ag brath ar a dtoiliú a seoladh ríomhphoist a thabhairt.

(35) Chun an Rialachán seo a chur in oiriúint do riachtanais amach anseo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(36) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, go háirithe maidir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos do na córais bailithe ar líne i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(37) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha chun an bunchuspóir rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach agus polaitiúil an Aontais a fheabhsú a bhaint amach rialacha a leagan síos maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an chuspór arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) CAE.

(38) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a chuimsítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ▌.

(39) Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 a aisghairm.

(40) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus thug sé barúlacha foirmiúla an 19 Nollaig 2017,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá maidir le tionscnamh lena n-iarrtar ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá, dar le saoránaigh den Aontas, le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme (an "Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh" nó an "tionscnamh").

Airteagal 2

An ceart tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

1. Beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas atá ***sean go leor le bheith i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa*** tacú le tionscnamh trí ráiteas tacaíochta a shíniú, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

***Féadfaidh na Ballstáit aois íosta lena mbeidh daoine i dteideal tacú le tionscnamh a shocrú ag 16 bliana d'aois, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, agus i gcás den sórt sin, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.***

***2.*** ***I gcomhréir leis an dlí is infheidhme, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas a gceart chun tacú le tionscnaimh a fheidhmiú agus go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar gach foinse ábhartha faisnéise maidir le tionscnaimh ar bhonn comhionann le saoránaigh eile.***

Airteagal 3

An líon sínitheoirí is gá

1. Tá tionscnamh bailí más rud é:

(a) go bhfuil tacaíocht faighte aige ó mhilliún saoránach ar a laghad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 2(1) ('sínitheoirí'), ar saoránaigh iad ó aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit***; agus***

(b) gurb ionann an líon sínitheoirí, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, agus an líon íosta atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, agus go bhfreagraíonn an líon sin don líon Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh i ngach Ballstát, arna iolrú faoi ***líon iomlán Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa***, tráth cláraithe an tionscnaimh.

2. Chun críocha mhír 1, déanfar sínitheoir a ríomh ina Bhallstát nó ina Ballstát náisiúntachta***, gan beann ar an áit inar shínigh an sínitheoir an ráiteas tacaíochta.***

Airteagal 4

Faisnéis agus cúnamh ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit

1. Déanfaidh an Coimisiún ▌ faisnéis agus cúnamh maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ***atá inrochtana go héasca agus atá cuimsitheach a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghrúpaí d'eagraithe, lena n-áirítear trína ndíriú chuig na foinsí ábhartha faisnéise agus cúnaimh.***

***Déanfaidh an Coimisiún treoir maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur ar fáil go poiblí, ar líne agus i bhfoirm páipéir araon, agus i ngach teanga oifigiúil de chuid*** institiúidí ***an Aontais.***

2. Déanfaidh an Coimisiún ardán comhoibritheach ar líne ***don*** tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur ar fáil***, ar bhonn saor in aisce***.

***Cuirfidh an t-ardán comhairle phraiticiúil agus dhlíthiúil ar fáil, mar aon le fóram plé maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh le haghaidh malartú faisnéise agus dea-chleachtas idir saoránaigh, grúpaí d'eagraithe, geallsealbhóirí, eagraíochtaí neamhrialtais, saineolaithe agus institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais ar mian leo a bheith rannpháirteach.***

***Beidh an t-ardán inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.***

Is as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a íocfar na costais a bhaineann leis an ardán a oibriú agus a chothabháil.

3. Cuirfidh an Coimisiún clár ar líne ar fáil a chuirfidh ar chumas grúpaí d'eagraithe a dtionscnamh a bhainistiú le linn an nós imeachta.

Cuimseoidh an clár suíomh gréasáin poiblí a chuirfidh ar fáil faisnéis ghinearálta faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus faisnéis faoi thionscnaimh shonracha agus a stádas sin.

***Déanfaidh an Coimisiún an clár a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta trí fhaisnéis arna tíolacadh ag an ngrúpa d'eagraithe a chur ar fáil.***

4. Tar éis don Choimisiún tionscnamh a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6, cuirfidh sé aistriúchán d'inneachar an tionscnaimh sin ar fáil, ***lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann leis,*** i ngach dteanga oifigiúil uile de chuid institiúidí an Aontais, ***laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II,*** d'fhonn an tionscnamh a fhoilsiú sa chlár agus chun é a úsáid chun ráitis tacaíochta a bhailiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

▌

Ina theannta sin, féadfaidh an grúpa d'eagraithe aistriúcháin a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil ***de chuid institiúidí an Aontais den fhaisnéis bhreise maidir leis an tionscnamh agus, más ann dó, den dréacht ghníomh dlí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, arna thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2). Is é an grúpa d'eagraithe a bheidh freagrach as na haistriúcháin sin. Beidh inneachar na n-aistriúchán arna soláthar ag an ngrúpa d'eagraithe ag freagairt ar inneachar an tionscnaimh*** arna thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2).

***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis arna tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus na haistriúcháin arna dtíolacadh i gcomhréir leis an mír seo a fhoilsiú ar an gclár agus ar an suíomh gréasáin poiblí maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.***

5. Forbróidh an Coimisiún ▌ seirbhís malartaithe comhad chun ráitis tacaíochta a aistriú go dtí údaráis inniúla na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12, ▌ agus cuirfidh sé í ▌ ar fáil ▌ saor in aisce do ghrúpaí ***d'eagraithe na dtionscnamh***.

6. Cuirfidh gach Ballstát pointe teagmhála amháin nó níos mó ar bun chun faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil***, saor in aisce,*** do ghrúpaí d'eagraithe, i ***gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme***.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 5

Grúpa d'eagraithe

1. Déanfaidh grúpa ina mbeidh seacht nduine nádúrtha (an "grúpa d'eagraithe") ar a laghad, tionscnamh a ullmhú agus a bhainistiú. Ní áireofar Comhalta de Pharlaimint na hEorpa sa líon íosta sin.

2. Saoránaigh den Aontas a bheidh i gcomhaltaí an ghrúpa d'eagraithe, beidh siad sean go leor le bheith i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus áireofar sa ghrúpa cónaitheoirí de chuid seacht mBallstát ***éagsúla*** ar a laghad***, tráth chlárú an tionscnaimh***.

Maidir le gach tionscnamh, foilseoidh an Coimisiún ainmneacha gach ball den ghrúpa d'eagraithe sa chlár ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725***.

3. Ainmneoidh an grúpa d'eagraithe beirt dá chomhaltaí mar ionadaí agus ionadaí malartach, faoi seach, a bheidh freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh idir an grúpa agus institiúidí an Aontais le linn an nós imeachta agus a mbeidh sainordú acu gníomhú thar ceann an ghrúpa d'eagraithe (na "daoine teagmhála").

Féadfaidh an grúpa d'eagraithe beirt daoine nádúrtha eile ar a mhéad a ainmniú, as measc a chuid comhaltaí nó eile, agus beidh sainordú acu gníomhú thar ceann na ndaoine teagmhála chun críche idirchaidreamh a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais le linn an nós imeachta.

4. Cuirfidh an grúpa d'eagraithe an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe maidir lena chomhdhéanamh le linn an nós imeachta agus cuirfidh sé cruthúnas iomchuí ar fáil go bhfuil na ceanglais atá leagtha síos i míreanna 1 agus 2 comhlíonta. Déanfar na hathruithe ar chomhdhéanamh an ghrúpa d'eagraithe a léiriú sna foirmeacha ráitis tacaíochta agus beidh ainmneacha chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí an ghrúpa d'eagraithe ar fáil sa chlár le linn an nós imeachta.

5. Gan dochar do dhliteanas ionadaí an ghrúpa d'eagraithe mar rialaitheoir sonraí faoi Airteagal 82(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2016/679, beidh comhaltaí an ghrúpa d'eagraithe faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ▌ i leith aon damáiste a dhéantar le linn tionscnamh a eagrú trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha arna ndéanamh d'aon ghnó nó le faillí thromchúiseach, ***faoin dlí náisiúnta infheidhme***.

6. Gan dochar do na pionóis faoi Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhaltaí an ghrúpa d'eagraithe, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,*** faoi réir pionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha mar gheall ar sháruithe ar an Rialachán seo agus go háirithe mar gheall ar na nithe seo a leanas:

(a) dearbhuithe bréagacha;

(b) úsáid chalaoiseach sonraí.

7. I gcás ina gcruthaítear eintiteas dlíthiúil, i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit, go sonrach chun críche tionscnamh áirithe a bhainistiú, measfar gurb é an grúpa d'eagraithe nó a chomhaltaí an t-eintiteas dlíthiúil chun críche, de réir mar is infheidhme, mhíreanna 5 agus 6 den Airteagal seo, Airteagail 6(2) agus (4) go (7) agus Airteagail (7) go 18 agus Iarscríbhinní II go VII, ar choinníoll go dtugtar sainordú don chomhalta sin den ghrúpa d'eagraithe arna ainmniú mar ionadaí den ghrúpa gníomhú thar ceann an eintitis dhlíthiúil.

Airteagal 6

Clárú

1. Ní fhéadfar ráitis tacaíochta a bhailiú ach amháin tar éis don tionscnamh a bheith cláraithe ag an gCoimisiún.

2. Déanfaidh an grúpa d'eagraithe an iarraidh ar chlárú a thíolacadh don Choimisiún tríd an gclár.

Agus iarraidh á tíolacadh, déanfaidh an grúpa d'eagraithe an méid seo a leanas freisin:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a tharchuir i gceann de theanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais;

(b) na seacht gcomhalta atá le cur san áireamh chun críche Airteagal 5(1) agus (2) a lua i gcás ina bhfuil níos mó ná seacht gcomhalta sa ghrúpa d'eagraithe;

(c) i gcás inarb ábhartha, a léiriú gur ceapadh eintiteas dlíthiúil de bhun Airteagal 5(7).

Gan dochar do mhíreanna 5 agus 6, déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaobh na hiarrata ar chlárú laistigh de dhá mhí ón tionscnamh a thíolacadh.

3. Déanfaidh an Coimisiún an tionscnamh a chlárú más rud é:

(a) go bhfuil fianaise curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 5(1) agus (2) agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(3);

(b) sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7), gur ceapadh an t-eintiteas dlíthiúil go sonrach chun an tionscnamh a bhainistiú agus go bhfuil ***sainordú*** ag an gcomhalta den ghrúpa d'eagraithe a ainmníodh ina ionadaí air chun gníomhú thar ceann an eintitis dhlíthiúil;

(c) nach bhfuil aon chuid den tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh, go follasach, lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme;

(d) gur léir nach bhfuil an tionscnamh míchuí, suaibhreosach ná cráiteach;

(e) nach bhfuil an tionscnamh contrártha go follasach do luachanna an Aontais atá leagtha amach in Airteagal 2 ***CAE agus do na cearta atá cuimsithe i*** ▌ ***gCairt um Chearta Bunúsacha*** an Aontais Eorpaigh.

***Chun críche cinneadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach i bpointí (a) go (e) sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe i gcomhréir le mír 2.***

Mura gcomhlíontar ceanglas amháin nó níos mó de na ceanglais atá leagtha amach i bpointí (a) go (e) sa chéad fhomhír den mhír seo, diúltóidh an Coimisiún an tionscnamh a chlárú, gan dochar do mhíreanna 4 agus 5.

4. I gcás ina measann sé go gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos i ***bpointí*** (a), (b), (d) agus (e) den chéad fhomhír de mhír 3 ach nach gcomhlíontar an ceanglas atá leagtha síos i b***pointe*** (c) den chéad fhomhír de mhír 3, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a thíolacadh, an grúpa d’eagraithe a chur ar an eolas faoina mheasúnú agus faoi na cúiseanna atá leis.

Sa chás sin, féadfaidh an grúpa d’eagraithe an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an tionscnamh i gcomhréir leis an gceanglas atá leagtha síos ***i bpointe (c) den chéad fhomhír de*** mhír 3 ▌, nó chun an tionscnamh tosaigh a choimeád nó a tharraingt siar. Cuirfidh an grúpa d’eagraithe an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh laistigh de ***dhá mhí*** tar éis measúnú an Choimisiúin a fháil agus luafaidh sé na cúiseanna leis an measúnú agus, déanfaidh sé leasuithe, más ann dóibh, a thíolacadh ar an tionscnamh tosaigh.

I gcás ina ndéanann an grúpa d'eagraithe a thionscnamh tosaigh a leasú nó a choimeád i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo,  , déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) an tionscnamh a chlárú, má chomhlíonann sé an ceanglas atá leagtha síos i ***bpointe (c) de***n chéad fhomhír de mhír 3 ▌;

(b) an tionscnamh a chlárú i bpáirt más léir nach bhfuil cuid ▌ den tionscnamh, lena n-áirítear a phríomhchuspóirí, go follasach lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra le haghaidh gníomh reachtach de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme;

(c) diúltú an tionscnamh a chlárú i gcásanna áirithe.

Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i leith na hiarrata laistigh de mhí amháin tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a fháil ón ngrúpa d'eagraithe.

5. Tionscnamh atáthar tar éis a chlárú, cuirfear ar fáil don phobal é.

I gcás ina gcláraíonn an Coimisiún tionscnamh i bpáirt,foilseoidh sé faisnéis faoi raon feidhme chlárú an tionscnaimh sa chlár.

I gcás den sórt sin, déanfaidh an grúpa d'eagraithe a áirithiú go gcuirtear sínitheoirí ionchasacha ar an eolas faoi raon feidhme chlárú an tionscnaimh agus nach mbailítear ráitis tacaíochta ach i dtaca le raon feidhme an chlárúcháin.

6. Déanfaidh an Coimisiún tionscnamh a chlárú faoi uimhir chlárúcháin aonair agus cuirfidh sé an grúpa d'eagraithe ar an eolas ina thaobh sin.

7. I gcás ina ndiúltóidh sé tionscnamh a chlárú nó nach gcláraíonn sé an tionscnamh ach i bpáirt i gcomhréir le mír 4, cuirfidh an Coimisiún ***a chúiseanna dá chinneadh in iúl agus cuirfidh sé*** an grúpa d'eagraithe ar an eolas faoi sin***. Cuirfidh sé an grúpa d'eagraithe*** ar an eolas freisin maidir le gach leigheas breithiúnach agus seachbhreithiúnach atá ar fáil dó.

***Cuirfidh an Coimisiún gach cinneadh maidir le hiarratas ar chlárú arna ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo ar fáil go poiblí ar an gclár agus ar an suíomh gréasáin poiblí maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.***

8. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún ar an eolas faoi chlárú tionscnaimh.

## Airteagal 7
## Tionscnamh a tharraingt siar

Féadfaidh an grúpa d'eagraithe tionscnamh atáthar tar éis a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6 a tharraingt siar aon tráth sula dtíolacfar an tionscnamh don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13. Foilseofar an tarraingt siar sin sa chlár.

## Airteagal 8
## Tréimhse bhailiúcháin

1. Déanfar na ráitis tacaíochta uile a bhailiú laistigh de thréimhse nach faide ná 12 mhí ó dháta a chinnfidh grúpa na n-eagraithe (an 'tréimhse bhailiúcháin') gan dochar d'Airteagal 11(6). Ba cheart an dáta sin a bheith laistigh de shé mhí tar éis an tionscnamh a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6.

   Cuirfidh an grúpa d'eagraithe an Coimisiún ar an eolas maidir leis an dáta a roghnófar ar a dhéanaí 10 lá oibre roimh an dáta sin.

   I gcás ina dteastaíonn ón ngrúpa d'eagraithe***, le linn na tréimhse bailiúcháin,*** bailiú na ráiteas tacaíochta a fhoirceannadh roimh dheireadh na ***tréimhse*** bailiúcháin[redacted] , cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi ***sin ar a laghad 10 lá oibre roimh*** an dáta nua atá roghnaithe ar a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse bhailiúcháin.

***Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.***

2. Luafaidh an Coimisiún dátaí tosaithe agus deiridh na tréimhse bailiúcháin sa chlár.

3. Cuirfidh an Coimisiún deireadh le hoibriú an lárchórais bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10, agus cuirfidh an grúpa d'eagraithe deireadh le hoibriú córas bailithe ar líne ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 11 an dáta ar a mbeidh deireadh leis an tréimhse bailiúcháin.

Airteagal 9

Nós imeachta maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú

1. Féadfar ráitis tacaíochta a shíniú ar líne nó i bhfoirm páipéir.

2. Maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú, ní fhéadfar aon fhoirmeacha a úsáid cé is moite foirmeacha atá ag teacht leis na samhlacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

   Sula dtionscnaítear bailiú na ráiteas tacaíochta, comhlánóidh an grúpa d'eagraithe na foirmeacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn III. Freagróidh an fhaisnéis a thabharfar sna foirmeacha don fhaisnéis atá sa chlár.

I gcás ina gcinneann an grúpa d'eagraithe ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10, is é an Coimisiún a bheidh freagrach as na foirmeacha iomchuí a chur ar fáil, i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

I gcás ina ndearnadh tionscnamh a chlárú i bpáirt i gcomhréir le hAirteagal 6(4), léireofar raon feidhme chlárú an tionscnaimh sna foirmeacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn III agus sa lárchóras bailithe ar líne agus sa chóras bailithe ar líne ar leithligh, de réir mar is infheidhme. Féadfar na foirmeacha don ráiteas tacaíochta a chuir in oiriúint chun críche an bhailithe ***ar líne nó i bhfoirm páipéir***.

Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn III i gcás ina dtacaíonn na saoránaigh le tionscnamh ar líne, trí bhíthin an lárchórais bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10, modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith a úsáid de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 i gcomhréir le hAirteagal 10(4) ***den Rialachán seo***. Cuirfidh saoránaigh a náisiúntacht in iúl agus glacfaidh na Ballstáit leis an tacar sonraí íosta do dhuine nádúrtha i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501[1].

3. Duine atá ag síniú ráiteas tacaíochta, ní bheidh ar an duine sin a sholáthar ach na sonraí pearsanta atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 maidir leis an gcreat idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 12(8) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 1).

4. Faoin 30 Meitheamh 2019, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas cé acu i gcuid A nó i gcuid B, faoi seach, d’Iarscríbhinn III ar mian leo go gcuirfí san áireamh iad. Na Ballstáit ar mian leo a bheith san áireamh i gCuid B d’Iarscríbhinn III, cuirfidh siad in iúl cineál na huimhreach aitheantais pearsanta nó an doiciméid aitheantais phearsanta[redacted] dá dtagraítear inti.

   Faoin 1 Eanáir 2020, foilseoidh an Coimisiún na foirmeacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn III sa chlár.

   Féadfaidh Ballstát a n-áirítear i gcuid amháin d’Iarscríbhinn III iarraidh a dhéanamh ar an gCoimisiún a bheith aistrithe chuig an gcuid eile d’Iarscríbhinn III. Déanfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún sin a dhéanamh sé mhí ar a laghad roimh an dáta óna mbeidh feidhm ag na foirmeacha nua.

5. Is iad an grúpa d’eagraithe a bheidh freagrach as na ráitis tacaíochta a bhailiú ó shínitheoirí i bhfoirm páipéir.

6. Ní fhéadfaidh duine ráiteas tacaíochta do thionscnamh áirithe a shíniú níos mó ná uair amháin.

7. Cuirfidh an grúpa d'eagraithe an Coimisiún ar an eolas faoin líon ráiteas tacaíochta atá bailithe i ngach Ballstát gach dhá mhí ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus faoin líon deiridh laistigh de thrí mhí ó dheireadh na tréimhse bailiúcháin chun go bhféadfar iad a fhoilsiú sa chlár.

I gcás nach sroichfear an líon ráiteas tacaíochta is gá ,nó in éagmais freagra ón ngrúpa d'eagraithe laistigh de thrí mhí ó dheireadh na tréimhse bailiúcháin, déanfaidh an Coimisiún an tionscnamh a dhúnadh agus foilseoidh sé fógra á rá sin sa chlár.

Airteagal 10

Lárchóras bailithe ar líne

1. Chun críche bailiú ráiteas tacaíochta ar líne, déanfaidh an Coimisiún lárchóras bailithe ar líne a bhunú faoin 1 Eanáir 2020, agus a chur ag obair ón dáta sin, i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46.

Is as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a íocfar na costais a bhaineann leis an lárchóras bailithe ar líne a chur ar bun agus a oibriú. Beidh úsáid an lárchórais bailithe ar líne saor in aisce.

Beidh an lárchóras bailithe ar líne inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Na sonraí a bhailítear tríd an lárchóras bailithe ar líne, stórálfar iad ar na freastalaithe a chuirfidh an Coimisiún ar fáil chun na críche sin.

Leis an lárchóras bailithe ar líne féadfar ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil.

2. I gcás gach tionscnamh, déanfaidh an Coimisiún a áirithiú gur féidir ráitis tacaíochta a bhailiú tríd an lárchóras bailithe ar líne le linn na tréimhse bailiúcháin arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8.

3. ***10 lá oibre, ar a dhéanaí, roimh thús na tréimhse bailiúcháin,*** cuirfidh ***an*** grúpa d'eagraithe in iúl don Choimisiún más mian leis an lárchóras bailithe ar líne a úsáid, agus más mian leis na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil.

I gcás inar mian le grúpa d'eagraithe na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil, déanfaidh sé gach ráiteas tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dheireadh na tréimhse bailiúcháin, agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

4. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go bhféadfaidh saoránaigh tacú le tionscnaimh ar líne trí bhíthin ráitis tacaíochta trí na modhanna ríomh-shainaitheantais a dtugtar fógra ina leith a úsáid nó tríd an ráiteas tacaíochta a shíniú le síniú leictreonach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. ***910/2014***;

(b) go ndéanfar nód e-IDAS an Choimisiúin a forbraíodh faoi chuimsiú Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1501 a aithint.

***5. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le tuilleadh forbairtí agus le feabhsuithe ar an lárchóras bailithe ar líne chun a gcuid moltaí agus ábhar imní a chur san áireamh.***

Airteagal 11

Córais bailithe ar líne ar leithligh

1. I gcás nach n-úsáideann grúpa d'eagraithe an lárchóras bailithe ar líne, féadfaidh sé ráitis tacaíochta ar líne a bhailiú i roinnt Ballstát nó i ngach Ballstát trí bhíthin córas bailithe ar líne ar leithligh eile (an 'córas bailithe ar líne ar leithligh').

Na sonraí a bhaileofar tríd an gcóras bailithe ar líne ar leithligh, déanfar iad a stóráil i gcríoch Ballstáit.

2. Déanfaidh an grúpa d'eagraithe a áirithiú go gcomhlíonann an córas bailithe ar líne ar leithligh na ceanglais atá leagtha síos i mír 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 18(3) le linn na tréimhse bailiúcháin.

3. Tar éis dó an tionscnamh a chlárú agus roimh thús na tréimhse bailiúcháin, agus gan dochar do chumhachtaí na n-údarás maoirseachta náisiúnta faoi Chaibidil VI de Rialachán (AE) Uimh. 2016/679, iarrfaidh an grúpa d'eagraithe ar údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéanfar na sonraí a bailíodh tríd an gcóras bailithe ar líne ar leithligh a stóráil chun a deimhniú go gcomhlíonann an córas na ceanglais atá leagtha síos i mír 4 den Airteagal seo.

I gcás ina gcomhlíonfaidh córas bailithe ar líne ar leithligh na ceanglais atá leagtha síos i mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha deimhniú chuige sin a eisiúint i gcomhréir leis an tsamhail atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV laistigh de mhí amháin. Cuirfidh an grúpa d'eagraithe cóip den deimhniú sin ar fáil don phobal ar an suíomh gréasáin a úsáidtear don chóras bailithe ar líne ar leithligh.

Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas do na deimhnithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile.

4. Beidh na gnéithe slándála agus teicniúla leordhóthanacha ag córais bailithe ar líne ar leithligh chun an méid seo a leanas a áirithiú le linn na tréimhse bailiúcháin:

(a) nach bhféadfaidh ach daoine nádúrtha ráiteas tacaíochta a shíniú;

(b) go bhfreagróidh an fhaisnéis a sholáthraítear chun tacú leis an tionscnamh don fhaisnéis a fhoilseofar sa chlár;

(c) go mbaileofar na sonraí ó na sínitheoirí i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(d) go ndéanfar na sonraí a sholáthraíonn na sínitheoirí a bhailiú agus a stóráil go daingean.

5. Faoin 1 Eanáir 2020, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla chun mír 4 den Airteagal seo a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22.

Féadfaidh an Coimisiún comhairle a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), agus é i mbun na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhorbairt.

6. I gcás ina mbaileofar ráitis tacaíochta trí chóras bailithe ar líne ar leithligh, ní fhéadfar tús a chur leis an tréimhse bhailiúcháin go dtí go n-eiseofar an deimhniú dá dtagraítear i mír 3 don chóras sin.

7. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach maidir le tionscnaimh arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 6 faoin 31 Nollaig 2022.

Airteagal 12

Fíorú agus deimhniú na ráiteas tacaíochta ag na Ballstáit

1. Déanfaidh gach Ballstát a fhíorú agus a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis tacaíochta arna síniú ag a náisiúnaigh forálacha an Rialacháin seo (an 'Ballstát atá freagrach').

2. Laistigh de thrí mhí ó dheireadh na tréimhse bailiúcháin agus gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, déanfaidh an grúpa d'eagraithe na ráitis tacaíochta, a bailíodh ar líne nó i bhfoirm páipéir, a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach, dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

   Ní chuirfidh an grúpa d'eagraithe na ráitis tacaíochta faoi bhráid an údaráis inniúil ach amháin i gcás ina sroicheann an líon sínitheoirí an líon íosta sínitheoirí atá leagtha síos in Airteagal 3.

   Ní dhéanfar ráitis tacaíochta a chur faoi bhráid gach údarás inniúil sa Bhallstát atá freagrach ach uair amháin, agus úsáidfear an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn V.

   Déanfar ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne a chur faoi bhráid i gcomhréir le scéimre leictreonach a chuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal.

Na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir agus na ráitis a bailíodh ar líne trí chóras bailithe ar líne ar leithligh, déanfar iad a thíolacadh ar leithligh.

3. Déanfaidh an Coimisiún na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne, chomh maith leis na ráitis a bailíodh i bhfoirm páipéir agus a uaslódáladh de bhun an dara fomhír d'Airteagal 10(3), a chur faoi bhráid údaráis inniúil an Bhallstáit atá freagrach ***a luaithe a chuirfidh an grúpa d'eagraithe an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn V faoi bhráid údaráis inniúil an Bhallstáit atá freagrach i gcomhréir le mír 2*** den Airteagal seo.

I gcás ina bhfuil ráitis tacaíochta bailithe ag grúpa d'eagraithe trí chóras bailithe ar líne ar leithligh, féadfaidh an grúpa iarraidh ar an gCoimisiún na ráitis tacaíochta sin a thíolacadh d'údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach.

Déanfaidh an Coimisiún na ráitis tacaíochta i gcomhréir le fomhír 2 go fomhír 4 de mhír 2 den Airteagal seo a thíolacadh, trí úsáid a bhaint as an tseirbhís malartaithe comhad dá dtagraítear in Airteagal 4(5).

4. Laistigh de thrí mhí ó na ráitis tacaíochta a fháil, déanfaidh na húdaráis inniúla iad a fhíorú ar bhonn seiceálacha iomchuí, ar seiceálacha iad a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar shampláil randamach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.

I gcás ina dtíolacfar na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne agus i bhfoirm páipéir ar leithligh, cuirfear tús leis an tréimhse sin nuair a bheidh na ráitis tacaíochta uile faighte ag an údarás inniúil.

Chun críche na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a fhíorú, ní gá sínithe a fhíordheimhniú.

5. Ar bhonn na bhfíoruithe a dhéanfar, déanfaidh an t-údarás inniúil an líon ráiteas tacaíochta bailí don Bhallstát lena mbaineann a dheimhniú. Déanfar an deimhniú sin a sheachadadh, saor in aisce, don ghrúpa d'eagraithe, ag úsáid na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

Sonrófar sa deimhniú an líon ráiteas tacaíochta bailí a bailíodh i bhfoirm páipéir agus ar líne lena n-áirítear na ráitis a bailíodh i bhfoirm páipéir agus a uaslódáladh de bhun an dara fomhír d'Airteagal 10(3).

Airteagal 13

Tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún

Laistigh de thrí mhí tar éis an deimhniú deireanach dá bhforáiltear in Airteagal 12(5) a fháil, cuirfidh an grúpa d'eagraithe an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin.

Tíolacfaidh an grúpa d'eagraithe an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII agus í comhlánaithe, mar aon le cóipeanna, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, de na deimhnithe dá bhforáiltear in Airteagal 12(5).

Déanfaidh an Coimisiún an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII a chur ar fáil don phobal sa chlár.

Airteagal 14

Foilsiú agus éisteacht phoiblí

1. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún tionscnamh bailí ar bailíodh agus ar deimhníodh na ráitis tacaíochta ina leith i gcomhréir le hAirteagail 8 go 12, foilseoidh sé gan mhoill fógra á rá sin sa chlár agus déanfaidh sé an tionscnamh a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún***, agus chuig na parlaimintí náisiúnta chomh maith***.

2. Laistigh de thrí mhí tar éis an tionscnamh a sheoladh, tabharfar an deis don ghrúpa d'eagraithe an tionscnamh a chur i láthair ag éisteacht phoiblí ***arna reáchtáil ag Parlaimint na hEorpa***.

Déanfaidh ▌ Parlaimint na hEorpa an éisteacht a ***eagrú ina háitreabh***.

Déanfar ionadaíocht ar an gCoimisiún ag an éisteacht ar leibhéal iomchuí.

Tabharfar deis don Chomhairle, d'institiúidí eile agus do chomhlachtaí comhairleacha eile an Aontais***, do na parlaimintí náisiúnta agus don tsochaí shibhialta*** a bheith i láthair ag an éisteacht.

Áiritheoidh ▌ Parlaimint na hEorpa go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar na leasanna poiblí agus príobháideacha.

***3. Tar éis na héisteachta poiblí, déanfaidh Parlaimint na hEorpa measúnú ar an tacaíocht pholaitiúil don tionscnamh.***

Airteagal 15

Scrúdúchán an Choimisiúin

1. Laistigh de mhí amháin tar éis thíolacadh an tionscnaimh ***i gcomhréir le hAirteagal 13***, buailfidh an Coimisiún leis an ngrúpa d'eagraithe ar an leibhéal iomchuí chun deis a thabhairt dó ***cuspóirí an*** tionscnaimh a mhíniú go mion.

2. Laistigh de ***shé*** mhí ***tar éis*** fhoilsiú an tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 14(1), agus tar éis na héisteachta poiblí dá dtagraítear in Airteagal 14(2), leagfaidh an Coimisiún amach i dteachtaireacht a chonclúidí dlíthiúla agus polaitiúla maidir leis an tionscnamh, an ghníomhaíocht atá beartaithe aige a dhéanamh, más ann di, agus na cúiseanna leis an ngníomhaíocht sin a dhéanamh nó gan í a dhéanamh.

***I gcás ina bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún gníomhú mar fhreagairt ar an tionscnamh, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, togra nó tograí le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a ghlacadh, leagfar amach sa teachtaireacht an amlíne atá beartaithe maidir leis na gníomhaíochtaí sin.***

Tabharfar fógra faoin teachtaireacht sin don ghrúpa d'eagraithe agus do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún agus cuirfear ar fáil don phobal é.

3. ***Déanfaidh*** an Coimisiún agus an grúpa d'eagraithe na sínitheoirí a chur ar an eolas faoin bhfreagairt ar an tionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) agus (3).

***Soláthróidh an Coimisiún, sa chlár agus sa suíomh gréasáin poiblí maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, faisnéis atá cothrom le dáta maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa teachtaireacht a glacadh mar fhreagairt ar an tionscnamh.***

***Airteagal 16***

***Obair leantach ag Parlaimint na hEorpa ar thionscnaimh rathúla ó na saoránaigh***

***Déanfaidh Parlaimint na hEorpa measúnú ar na bearta a ghlacfaidh an Coimisiún de bharr a theachtaireachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2).***

CAIBIDIL III

FORÁLACHA EILE

Airteagal 17

Trédhearcacht

*1.* Cuirfidh an grúpa d'eagraithe faisnéis ***shoiléir, chruinn agus chuimsitheach*** ar fáil maidir leis na foinsí ▌ cistithe don tionscnamh ar fiú breis agus EUR 500 in aghaidh an urra iad, lena foilsiú sa chlár, agus, de réir mar is iomchuí , ar shuíomh gréasáin a fheachtais.

***Beidh na foinsí dearbhaithe cistithe agus tacaíochta, lena n-áirítear na hurraí, agus na méideanna a fhreagraíonn dóibh inaitheanta go soiléir.***

***Cuirfidh an grúpa d'eagraithe faisnéis ar fáil freisin faoi na heagraíochtaí a thugann cúnamh dó ar bhonn deonach, i gcás nach bhfuil an tacaíocht sin inchainníochtaithe ar bhonn eacnamaíoch.***

Déanfar an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta gach dhá mhí ar a laghad le linn na tréimhse ón dáta cláraithe go dtí an dáta a dtíolacfar an tionscnamh don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13. ***Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí é ar bhealach soiléir inrochtana sa chlár agus ar an suíomh gréasáin poiblí maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.***

***2a.*** ***Beidh an Coimisiún i dteideal a iarraidh ar an ngrúpa d'eagraithe aon fhaisnéis bhreise agus soiléiriú ar fhoinsí cistithe agus tacaíochta dearbhaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur ar fáil.***

***3.*** ***Cuirfidh an Coimisiún ar chumas do shaoránaigh gearán a chur i dtaobh faisnéise maidir le hiomláine agus le cirte na bhfoinsí cistithe agus tacaíochta de réir mar atá siad dearbhaithe ag grúpaí d'eagraithe agus déanfaidh sé foirm teagmhála a chur ar fáil go poiblí sa chlár agus ar shuíomh gréasáin poiblí an tionscnaimh Eorpach ó na saoránaigh chun na críche sin.***

***Féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis bhreise maidir le gearáin a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo a iarraidh ar an ngrúpa d'eagraithe, agus, de réir mar is iomchuí, an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis na foinsí dearbhaithe cistithe agus tacaíochta sa chlár.***

Airteagal 18

Cumarsáid

1. Déanfaidh an Coimisiún feasacht a ardú i measc an phobail ***gurb ann don*** tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh***, agus faoi na cuspóirí a ghabhann leis agus a fheidhmiú,*** trí ghníomhaíochtaí cumarsáide agus feachtais faisnéise, agus ar an gcaoi sin, déanfaidh sé rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i saol polaitiúil an Aontais a chur chun cinn.

***Rannchuideoidh Parlaimint na hEorpa le gníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin.***

2. Chun críocha gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise maidir leis an tionscnamh lena mbaineann agus faoi réir toiliú ***sainráite*** sínitheora, féadfaidh an grúpa d'eagraithe nó an Coimisiún seoladh ríomhphoist an tsínitheora a bhailiú.

Cuirfear in iúl do shínitheoirí ionchasacha nach mbraitheann a gceart chun tacú le tionscnamh ar a dtoiliú a seoladh ríomhphoist a thabhairt.

3. Ní fhéadfar seoltaí ríomhphoist a bhailiú mar chuid de na foirmeacha ráitis tacaíochta. Féadfar iad a bhailiú ag an am céanna leis na ráitis tacaíochta, áfach, ar choinníoll go ndéantar iad a phróiseáil ar leithligh.

Airteagal 19

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Is é ionadaí an ghrúpa d'eagraithe a bheidh ina rialaitheoir sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ***i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus ráitis tacaíochta, seoltaí ríomhphoist agus sonraí faoi urraí na dtionscamh á mbailiú.*** I gcás ina gceaptar an t-eintiteas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 5(7) ***den Rialachán seo***, is é an rialaitheoir sonraí a bheidh ina eintiteas.

***2. Is iad na húdaráis inniúla ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán seo a bheidh ina rialaitheoirí sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha ráitis tacaíochta a fhíorú agus a dheimhniú.***

***3. Is é an Coimisiún a bheidh ina rialaitheoir sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa chlár, leis an ardán comhoibritheach ar líne, leis an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo, agus le bailiú seoltaí ríomhphoist.***

4. Déanfar na sonraí pearsanta arna soláthar sna foirmeacha ráitis tacaíochta a bhailiú chun críche na n-oibríochtaí is gá chun iad a bhailiú agus a stóráil ar bhealach slán i gcomhréir le hAirteagail 9 go ***11***, chun iad a chur faoi bhráid na Ballstát, chun iad a fhíorú agus a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 12 agus le haghaidh na seiceálacha cáilíochta agus na hanailíse staidrimh is gá.

5. Scriosfaidh an grúpa d'eagraithe agus an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, na ráitis tacaíochta uile a shíneofar do thionscnamh agus aon chóipeanna díobh mí amháin ar a dhéanaí tar éis an tionscnamh sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 13, nó tráth nach déanaí ná ***21*** mhí tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. I gcás ina dtarraingítear siar tionscnamh tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, áfach, scriosfar na ráitis tacaíochta agus aon chóipeanna díobh mí amháin ar a dhéanaí tar éis na tarraingthe siar dá dtagraítear in Airteagal 7.

6. Scriosfaidh an t-údarás inniúil na ráitis tacaíochta uile agus cóipeanna díobh trí mhí ar a dhéanaí tar éis dó an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 12(5) a eisiúint.

7. Féadfar ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnamh áirithe agus cóipeanna díobh a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 5 agus 6 más gá sin chun críche imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an tionscnamh i dtrácht. Scriosfar iad mí amháin ar a dhéanaí tar éis na himeachtaí sin a thabhairt chun críche le cinneadh críochnaitheach.

8. Scriosfaidh an Coimisiún agus an grúpa d'eagraithe taifid na seoltaí ríomhphoist a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 18(2), mí amháin, ar a dhéanaí, tar éis tionscnamh a tharraingt siar nó 12 mhí tar éis dheireadh na tréimhse bailiúcháin nó 12 mhí tar éis an tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún, faoi seach. I gcás ina leagann an Coimisiún amach, trí bhíthin teachtaireachta, na bearta atá beartaithe aige a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15(2), áfach, scriosfar taifid na seoltaí ríomhphoist trí bliana ar a dhéanaí tar éis an teachtaireacht a fhoilsiú.

9. Gan dochar dá gcearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725, tá an ceart ag comhaltaí den ghrúpa d'eagraithe a iarraidh go mbainfear a sonraí pearsanta den chlár dhá bhliain ó dháta cláraithe an tionscnaimh lena mbaineann.

Airteagal 20

Údaráis inniúla sna Ballstáit

1. Chun críche Airteagal 11, ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a eisiúint.

2. Chun críche Airteagal 12, ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas fíoraithe le haghaidh ráitis tacaíochta agus as na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 12(5) a eisiúint.

3. Faoin 1 Eanáir 2020, déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás a ainmnítear de bhun mhíreanna 1 agus 2 a sheoladh chuig an gCoimisiún. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin.

Cuirfidh an Coimisiún ainmneacha agus seoltaí na n-údarás a ainmnítear de bhun mhíreanna 1 agus 2 ar fáil go poiblí sa chlár.

## Airteagal 21
## Bearta náisiúnta a chur in iúl

1. Faoin 1 Eanáir 2020, déanfaidh na Ballstát na forálacha sonracha a ghlactar chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a chur in iúl don Choimisiún.

2. Cuirfidh an Coimisiún na forálacha sin ar fáil go poiblí sa chlár i dteanga na teachtaireachta ó na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.

# CAIBIDIL IV
# GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

## Airteagal 22
## Nós imeachta coiste

1. Chun críche Airteagal 11(5) den Rialachán seo a chur chun feidhme, tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## Airteagal 23
## Cumhachtaí tarmligthe

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, faoi chuimsiú raon feidhme fhorálacha an Rialacháin seo a mbaineann na hIarscríbhinní sin leo.

## Airteagal 24
## An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23 a thabhairt don Choimisiún go ceann ▌ tréimhse ***cúig*** bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 23 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 25

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo tráth nach déanaí ná***1 Eanáir 2024***, agus gach ***ceithre*** bliana ina dhiaidh sin. ***Cumhdófar sna tuarascálacha sin an aois íosta chun tacú le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh sna Ballstáit.*** Déanfar na tuarascálacha a chur ar fáil go poiblí.

Airteagal 26

Aisghairm

Aisghairfear Rialachán (AE) Uimh. 211/2011, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 27

Foráil idirthréimhseach

Leanfaidh Airteagail 5 go 9 de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 de bheith i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir 2020 maidir le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh atá cláraithe roimh an 1 Eanáir 2020.

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

Beidh feidhm ag Airteagail 9(4), 10, 11(5), agus 20 go ***24,*** áfach, ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINNÍIARSCRÍBHINN I

An líon íosta sínitheoirí in aghaidh an Bhallstáit

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 15 771 |
| An Bhulgáir | 12 767 |
| An tSeicia | 15 771 |
| An Danmhairg | 9 763 |
| An Ghearmáin | 72 096 |
| An Eastóin | 4 506 |
| Éire | 8 261 |
| An Ghréig | 15 771 |
| An Spáinn | 40 554 |
| An Fhrainc | 55 574 |
| An Chróit | 8 261 |
| An Iodáil | 54 823 |
| An Chipir | 4 506 |
| An Laitvia | 6 008 |
| An Liotuáin | 8 261 |
| Lucsamburg | 4 506 |
| An Ungáir | 15 771 |
| Málta | 4 506 |
| An Ísiltír | 19 526 |
| An Ostair | 13 518 |
| An Pholainn | 38 301 |
| An Phortaingéil | 15 771 |
| An Rómáin | 24 032 |
| An tSlóivéin | 6 008 |
| An tSlóvaic | 9 763 |
| An Fhionlainn | 9 763 |
| An tSualainn | 15 020 |
| An Ríocht Aontaithe | 54 823 |

IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS IS GÁ CHUN TIONSCNAMH A CHLÁRÚ

1. Teideal an tionscnaimh, gan níos mó ná 100 carachtar a bheith ann;***(*)***

2. ***Cuspóirí*** an tionscnaimh ar ina leith a iarrtar ar an gCoimisiún gníomhú, gan níos mó ná ***1 100*** carachtar a bheith ann ***gan spásanna a áireamh (meán coigeartaithe in aghaidh na teanga(*))***;

   ***Féadfaidh grúpa d'eagraithe iarscríbhinn a sholáthar faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh, gan níos mó ná 5 000 carachtar a bheith ann gan spásanna a áireamh; (meán coigeartaithe in aghaidh na teanga(*));***

   ***Féadfaidh grúpa d'eagraithe faisnéis bhreise a sholáthar faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh. Féadfaidh sé freisin, más mian leis, dréachtghníomh reachtach a thíolacadh;***

3. Na forálacha de na Conarthaí a mheasann grúpa d'eagraithe a bheith ábhartha i ndáil leis an ngníomhaíocht atá beartaithe;

4. Ainmneacha iomlána, seoltaí poist, náisiúntachtaí agus dátaí breithe an tseachtair comhaltaí den ghrúpa d'eagraithe a bhfuil cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla, agus ainm an ionadaí agus ainm an ionadaí mhalartaigh, chomh maith lena seoltaí ríomhphoist agus a n-uimhreacha teileafóin, á léiriú go sonrach[1];

   Mura duine den seachtar comhaltaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír an t-ionadaí agus/nó an t-ionadaí malartach, ainm iomlán, seoladh poist, náisiúntacht, dáta breithe, seoltaí ríomhphost agus uimhir theileafóin an duine sin.

5. Doiciméid lena gcruthaítear ainmneacha iomlána, seoltaí poist, náisiúntachtaí agus dátaí breithe gach duine den seachtar comhaltaí dá dtagraítear i bpointe 4 agus an ionadaí agus an ionadaí mhalartaigh mura duine den seachtar comhaltaí sin iad;

6. Ainmneacha chomhaltaí eile an ghrúpa d'eagraithe;

7. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) .../... [+], i gcás inarb iomchuí, doiciméid lena gcruthaítear gur bunaíodh eintiteas dlíthiúil i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit go sonrach chun críche tionscnamh áirithe a bhainistiú agus lena gcruthaítear go bhfuil an sainordú ag an gcomhalta den ghrúpa d'eagraithe atá ainmnithe ina ionadaí ar an ngrúpa sin, go bhfuil an sainordú aige gníomhú thar ceann an eintitis dhlíthiúil.

---

1 Ní chuirfear ar fáil don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin ach ainmneacha iomlána bhaill an ghrúpa d'eagraithe, tír chónaithe an ionadaí nó, i gcás inarb iomchuí, ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán, seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann leis na foinsí tacaíochta agus cistithe. Tá sé de cheart ***ag*** ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne fhoilsiú ***a gcuid*** sonraí pearsanta ar chúiseanna dosháraithe dlisteanacha a bhaineann lena gcúinsí áirithe

\+ Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.

8. Gach foinse tacaíochta agus cistithe don tionscnamh tráth an chlárúcháin.

(*) Is é an Coimisiún a sholáthraíonn an t-aistriúchán i ngach teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais, i gcás na dtionscnamh cláraithe go léir.

## IARSCRÍBHINN III

**FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA — Cuid A[1] (do na Ballstáit nach gceanglaíonn go soláthrófaí uimhir aitheantais phearsanta/uimhir doiciméid aitheantais phearsanta)**

Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

LE COMHLÁNÚ ROIMH RÉ AG AN nGRÚPA D'EAGRAITHE:

1. Gach sínitheoir ar an bhfoirm seo, is saoránach é de chuid:

Marcáil Ballstát amháin in aghaidh an liosta.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh: 3. Dáta tosaithe agus dáta deiridh na tréimhse bailiúcháin:

4. Seoladh gréasáin an tionscnaimh seo ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh:

5. Teideal an tionscnaimh seo:

6. Cuspóirí an tionscnaimh:

7. Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe *[sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) .../... +, de réir mar is iomchuí, ina theannta sin: ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán]*.:

8. Suíomh gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó):

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA:

'Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh seo cheana.'

| CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA | SLOINNTE | ÁIT CHÓNAITHE[2] (sráid, uimhir, cód poist, cathair, tír) | DÁTA BREITHE | DÁTA | SÍNIÚ[3] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |

Ráiteas príobháideachais[4] maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir [redacted] nó trí chórais bailithe ar líne ar leithligh:
I gcomhréir le *a*Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní *úsáidfear do chuid* sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo [redacted] ach amháin *chun tacú leis an tionscnamh agus* cuirfear ar fáil do na húdaráis *náisiúnta* inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. *Tá tú i dteideal a iarraidh ar* ghrúpa d'eagraithe an [redacted] tionscnaimh seo*rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh* agus *a bpróiseáil a shrianadh.*

---

1 Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh grúpa d'eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid. Úsáidfear cód arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach chun críche na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil go dtí an lárchóras bailithe ar líne.

\+ Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.

***2 Náisiúnaigh de chuid na Gearmáine atá ina gcónaí taobh amuigh den tír, má tá a n-áit chónaithe bhuan faoi láthair cláraithe ag a n-ionadaíocht Ghearmánach taidhleoireachta ar an gcoigríoch.***

3 Ní bheidh an síniú éigeantach má dhéantar an fhoirm a thíolacadh ar líne ag baint úsáid as an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) …/…+ nó as córas bailithe ar líne ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán sin.

4 Ná húsáidtear ach ceann den dá leagan den ráiteas príobháideachais atá molta, ag brath ar an modh bailithe

Déanfaidh grúpa d'eagraithe do chuid sonraí a stóráil ar feadh tréimhse uasta coinneála d'aon mhí amháin tar éis an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh nó [21 mhí] tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh aon mhí amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.
Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a thaisceadh le húdarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.
Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh nó, más iomchuí, an eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé, na rialaitheoirí de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus is féidir dul i dteagmháil trí na sonraí teagmhála atá ar fáil i bpointe 4 den bhfoirm seo.
Tá sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscnaimh seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, dá bhforáiltear i bpointe 4 den bhfoirm seo.
Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: [http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga](http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga).

Ráiteas príobháideachais maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne:
I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní úsáidfear do chuid sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. Tá tú i dteideal a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach nó ar ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, i gcás inarb iomchuí, ar an eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh.
Déanfaidh an Coimisiún Eorpach do chuid sonraí a stóráil ar feadh tréimhse uasta coinneála d'aon mhí amháin tar éis an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh nó 21 mhí tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh aon mhí amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.
Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó le húdarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.
Is iad an Coimisiún Eorpach agus ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, i gcás inarb iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé atá ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir dul i dteagmháil leo trí úsáid a bhaint as na mionsonraí a sholáthraítear ar an bhfoirm seo.
Tá sonraí teagmhála oifigigh cosanta sonraí an ghrúpa d'eagraithe (más ann dóibh) ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscnaimh i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, dá bhforáiltear i bpointe 4 ar an bhfoirm seo.
Is féidir teacht ar shonraí teagmhála oifigigh cosanta sonraí an Choimisiúin Eorpaigh, an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta, an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection.

**FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA — Cuid B**[1]
**(do na Ballstáit a cheanglaíonn go soláthrófar ▌ uimhir aitheantais phearsanta / uimhir doiciméid aitheantais phearsanta)**

Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

LE COMHLÁNÚ ROIMH RÉ AG AN nGRÚPA D'EAGRAITHE:

1.Gach sínitheoir ar an bhfoirm seo, is saoránach é de chuid:

Marcáil Ballstát amháin in aghaidh an liosta.

Féach suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh chun na huimhreacha aitheantais pearsanta / uimhreacha doiciméid aitheantais phearsanta a fháil, nach mór ceann acu a sholáthar.

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh: 3. Dáta tosaithe agus dáta deiridh na tréimhse bailiúcháin:

4. Seoladh gréasáin an tionscnaimh seo ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh:

5. Teideal an tionscnaimh seo:

6. Ábhar an tionscnaimh:

7. Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe: *[Ina theannta sin, sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) .../...*[+]*, de réir mar is iomchuí: ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán].*:

8. Suíomh gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó):

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA:

'Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh seo cheana.'

| CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA | SLOINNTE | ▌ UIMHIR AITHEANTAIS PHEARSANTA / UIMHIR DOICIMÉID AITHEANTAIS PHEARSANTA | AN CINEÁL UIMHREACH AITHEANTAIS PEARSANTA NÓ DOICIMÉID AITHEANTAIS PHEARSANTA | DÁTA | SÍNIÚ[2] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Ráiteas príobháideachais[3] maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir ▌ nó trí chórais bailithe ar líne ar leithligh:
I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní *úsáidfear do chuid* sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ▌ ach amháin *chun tacú leis an tionscnamh agus* cuirfear ar fáil iad do na húdaráis *náisiúnta* inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. *Tá tú i dteideal a iarraidh ar ghrúpa d'*eagraithe an ▌▌ tionscnaimh seo *rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh* agus *a bpróiseáil a shrianadh.*
*Déanfaidh grúpa d'eagraithe do chuid sonraí a stóráil ar feadh tréimhse uasta coinneála d'aon mhí amháin tar éis an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh nó 21 mhí tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás* imeachtaí riaracháin nó dlí*, is é sin ar feadh aon mhí amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.*

---

1 Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh grúpa d'eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid. Úsáidfear cód arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach chun críche na ráitis tacaíochta a bailíodh i bhfoirm páipéir a uaslódáil go dtí an lárchóras bailithe ar líne.

\+ Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.

2 Ní bheidh an síniú éigeantach má dhéantar an fhoirm a thíolacadh ar líne ag baint úsáid as an lárchóras bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) .../... nó as córas bailithe ar líne ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán sin.

3 Ná húsáidtear ach ceann den dá leagan den ráiteas príobháideachais atá molta, ag brath ar an modh bailithe.

*Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a thaisceadh le húdarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.*
*Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, de réir mar is iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh siad, an rialaitheoir de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir teagmháil a dhéanamh trí na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo. Tá sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar shuíomh gréasáin an* tionscnaimh *seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, dá bhforáiltear i bpointe 4 den bhfoirm seo.*
*Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga*.

[redacted]
Ráiteas príobháideachais maidir leis na ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne:
I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 (*an* Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní *úsáidfear do chuid* sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin *chun tacú leis an tionscnamh agus* cuirfear ar fáil do na húdaráis *náisiúnta* inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. *Tá tú i dteideal a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach nó ar ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh* nó, i gcás inarb iomchuí, ar an eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé [redacted] seo *rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh.*
*Déanfaidh an Coimisiún Eorpach do chuid sonraí a stóráil* ar feadh *tréimhse uasta coinneála d'aon mhí amháin tar éis an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh nó 21 mhí tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás* imeachtaí riaracháin nó dlí*, is é sin ar feadh aon mhí amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích.*
*Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó le húdarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach.*
*Is iad an Coimisiún* Eorpach agus ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, i gcás inarb iomchuí, an t-eintiteas dlíthiúil a chruthaigh sé *atá ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725* agus *an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí* agus *is féidir dul i dteagmháil leo trí úsáid a bhaint as na mionsonraí a sholáthraítear* ar *an bhfoirm seo*.
*Tá sonraí teagmhála oifigigh cosanta sonraí an ghrúpa d'eagraithe (más ann dóibh) ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscnaimh i gclár an Choimisiúin* Eorpaigh, dá bhforáiltear i bpointe 4 ar an bhfoirm seo.

*Is féidir teacht ar shonraí teagmhála oifigigh cosanta sonraí an Choimisiúin Eorpaigh, an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta, an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.*

[redacted]

IARSCRÍBHINN IV

DEIMHNIÚ LENA nDEIMHNÍTEAR COMHRÉIREACHT CÓRAIS BAILITHE AR LÍNE LE RIALACHÁN (AE) …/...[+] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AN ...[++] MAIDIR LEIS AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Deimhníonn …. (ainm an údaráis inniúil) as … (ainm an Bhallstáit), leis seo, go bhfuil forálacha ábhartha Rialachán (AE)…/...[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...[++] maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh á gcomhlíonadh i gcás an chórais bailithe ar líne ar leithligh … (seoladh suímh gréasáin) a úsáideadh chun ráitis tacaíochta a bhailiú do... (teideal an tionscnaimh) a bhfuil an uimhir chlárúcháin... (uimhir chlárúcháin an tionscnaimh) aige.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil an údaráis inniúil:

---

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.

[++] Nóta do IO: Cuirtear isteach dáta ghlacadh an Rialacháin seo.

## IARSCRÍBHINN V

## FOIRM CHUN RÁITIS TACAÍOCHTA A THÍOLACADH D'ÚDARÁIS INNIÚLA NA mBALLSTÁT

1. Ainmneacha iomlána, seoltaí poist agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála (ionadaí agus ionadaí malartach an ghrúpa d'eagraithe) nó an eintitis dhlíthiúil a bhainistíonn an tionscnamh agus a ionadaí siúd:

2. Teideal an tionscnaimh:

3. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin:

4. Dáta clárúcháin:

5. An líon sínitheoirí ar náisiúnaigh de chuid (ainm an Bhallstáit) iad:

6. An líon iomlán ráiteas tacaíochta a bailíodh:

7. An líon Ballstát inar sroicheadh an tairseach:

8. Iarscríbhinní:

   (Cuirtear faoi iamh leis seo gach ráiteas tacaíochta ó shínitheoirí ar náisiúnaigh iad den Bhallstát ábhartha.

   Más infheidhme, cuirtear faoi iamh leis seo deimhniú comhréireachta ábhartha an chórais bailithe ar líne ar leithligh le Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...[++] maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.)

9. Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm seo ceart agus gur bailíodh na ráitis tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...[++] maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

10. Dáta agus síniú duine de na daoine teagmhála (ionadaí/ionadaí malartach[1]) nó ionadaí an eintitis dhlíthiúil:

---

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.
[++] Nóta do IO: Cuirtear isteach dáta ghlacadh an Rialacháin seo.
[1] Scrios de réir mar is iomchuí

## IARSCRÍBHINN VI

## DEIMHNIÚ LENA nDEIMHNÍTEAR AN LÍON RÁITEAS TACAÍOCHTA BAILÍ ARNA mBAILIÚ LE hAGHAIDH … (AINM AN BHALLSTÁIT)

Deimhníonn … (ainm an údaráis inniúil) as … (ainm an Bhallstáit), leis seo, tar éis na fíoruithe is gá a dhéanamh a cheanglaítear le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... [++]maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, go bhfuil (an líon ráiteas tacaíochta bailí) ráiteas tacaíochta don tionscnamh a bhfuil an uimhir chlárúcháin... (uimhir chlárúcháin an tionscnaimh) aige, bailí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil

---

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.
[++] Nóta do IO: Cuirtear isteach dáta ghlacadh an Rialacháin seo.

IARSCRÍBHINN VII

FOIRM CHUN TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH A THÍOLACADH DON CHOIMISIÚN EORPACH

1. Teideal an tionscnaimh:

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin:

3. Dáta clárúcháin:

4. An líon ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas (ní mór aon mhilliún amháin ar a laghad a bheith ann):

5. An líon sínitheoirí ar thug Ballstáit deimhniú ina leith:

| | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE | UK | IOMLÁN | | | |
| An líon sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | | |

6. Ainmneacha iomlána, seoltaí poist agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála (ionadaí agus ionadaí malartach an ghrúpa d’eagraithe)1 nó an eintitis dhlíthiúil a bhainistíonn an tionscnamh agus a ionadaí siúd:

7. Léirigh na foinsí tacaíochta agus cistithe go léir a fuarthas don tionscnamh, lena n-áirítear an méid tacaíochta airgeadais tráth an tíolactha:

8. Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm seo ceart agus gur comhlíonadh na nósanna imeachta agus na coinníollacha ábhartha go léir atá leagtha amach i Rialachán (AE) …/…[+] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...[++] maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

   Dáta agus síniú duine de na daoine teagmhála (ionadaí/ionadaí malartach2) nó ionadaí an eintitis dhlíthiúil:

---

1 Ní dhéanfar ach ainmneacha iomlána bhaill an ghrúpa d'eagraithe, tír chónaithe an ionadaí nó, i gcás inarb iomchuí, ainm an eintitis dhlíthiúil agus an tír ina bhfuil a shuíochán seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála agus faisnéis a bhaineann le foinsí tacaíochta agus cistithe a sholáthar don phobal i gclár ar líne an Choimisiúin. Tá sé de cheart ag ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne fhoilsiú a sonraí pearsanta ar chúiseanna dosháraithe dlisteanacha a bhaineann lena gcúinsí áirithe.

[+] Nóta do IO: Cuirtear isteach uimhir an Rialacháin seo.

[++] Nóta do IO: Cuirtear isteach dáta ghlacadh an Rialacháin seo.

2 Scrios de réir mar is iomchuí

9. Iarscríbhinní: (Cuirtear gach deimhniú faoi iamh leis seo)